Ag Ullmhú don Teagasc

# Conas is féidir liom caidrimh dhearfacha a eiseamláiriú le mo chuid scoláirí?

Bíonn an caidreamh ag croílár na foghlama agus an teagaisc go léir. Seo roinnt bealaí inar féidir leat caidreamh dearfach agus tacúil a eiseamláiriú agus tú ag teagasc OSPS/ OCG.

## Léirigh comhbhá

Cuir eolas ar ainmneacha na scoláirí chomh luath agus is feidir and taispeán comhbhá agus suim iontu.

## Bí i d'éisteoir maith

Smaoinigh fút féin mar dhuine fásta óg. An raibh duine faoi leith ann a cheap tú a d'éist i ndáiríre? Má bhí, céard a rinne siad? Déan aithris air sin! Bí oscailte agus léirigh spéis. Samhlaigh an saol a bhíonn ag páistí agus daoine óga in go leor cúinsí éagsúla. Ná cuir an iomarca ceisteanna diana agus ná iarr scéalta pearsanta. Ná cuir crua ar aon duine. Éist go cúramach, léirigh spéis agus taispeáin go bhfuil gean agat orthu.

## Dearbhaigh a mothúcháin

Tabhair guth do na mothúcháin a thugann tú faoi deara gan díriú ar scoláire ar leith (m.sh. 'Is cosúil go bhfuil imní ar roinnt daoibh faoi sin.'). Cuir i gcuimhne dóibh go bhfuil sé nádúrtha imní a bheith orthu agus gur féidir le roinnt struis a bheith cabhrach fiú – spreagann sé muid le tacaíocht a lorg nó gníomh a ghlacadh chun aire a thabhairt dúinn féin nó do dhaoine eile.

## Dírigh ar a láidreachtaí agus a gcumais

Mol dóibh machnamh a dhéanamh ar a gcuid láidreachtaí pearsanta agus faoin gcaoi ar féidir leo siúd cabhrú leo i gcásanna dúshlánacha.  Meabhraigh dóibh faoi uaireanta ina bhféadfadh gur dhéileáil siad le cúinsí dúshlánacha cheana agus faoi na bealaí ina léiríonn siad teacht aniar.

## Cabhraigh le scoláirí réitigh agus bealaí le déileáil le rudaí a aimsiú le chéile

Cuimsigh deiseanna do scoláirí chun gabháil d'fhadhbréiteach agus teacht ar réitigh le chéile. Déan tobsmaointeoireacht ar smaointe le chéile, ná léim isteach agus ná cuir isteach ar an gcomhrá le réitigh réamhshocraithe. Spreag iad chun an réiteach is fearr dóibh féin a roghnú. Má ligeann tú do scoláirí straitéisí déileála a aimsiú iad féin nó i ngrúpaí cabhróidh sé leo é a dhéanamh arís sa todhchaí agus éifeachtúlacht a thógáil.

# Conas is féidir liom caidrimh dhearfacha a eiseamláiriú le mo chuid scoláirí?

## Glac leis an éagsúlacht mar ghnáthrud i ngach seomra ranga

Micreacosma dár tsochaí atá sa seomra ranga.  Mar sin ba cheart duit talamh slán a dhéanamh de go mbíonn féiniúlachtaí gnéasacha agus inscne éagsúla i ngach seomra ranga chomh maith le féiniúlachtaí éagsúla creidimh, eitneacha agus eile. Nuair atáthar ag pleanáil i gcomhair teagaisc agus foghlama rud úsáideach ar féidir leat a fhiafraí díot féin ná 'cén saghas eispéiris a bheadh ag páiste/duine óg atá LADT (nó a bhfuil baill teaghlaigh LADT acu) sa cheacht seo? An mothóidís go bhfuil siad páirteach?

## Cothaigh meas agus tuiscint ar dhearcthaí ilchineálacha

Tógann páistí agus daoine óga eispéiris saoil dhifriúla leo chuig an seomra ranga agus bíonn réimse luachanna, creideamh agus tuairimí acu.  De réir mar a fhorbraíonn páistí a bhfeasacht ar éagsúlacht na n-eispéireas saoil atá sa rang acu, bíonn siad ag iarraidh labhairt fúthu.  Is tábhachtach pleanáil a dhéanamh le haghaidh na gcomhráite seo agus ligean dóibh tarlú agus a bheith ullmhaithe le haghaidh freagairtí láidre féideartha ar thaobh amháin nó ar thaobh eile. Tugann na hacmhainní san fhearas acmhainní seo comhairle faoi conas déileáil leis na cásanna sin.

**Topaicí ábhartha eile**

- An múinteoir mar éascaitheoir foghlama
- Cad iad na tréithe a bhaineann le seomra ranga OSPS/OCG sábháilte?
- Cén sórt seomra ranga OSPS/OCG a bhíonn ionchuimsitheach?
- Plé le nochtadh faoi dhrochúsáid ghnéasach
- Ag plé le comhráite íogaire/dúshlánacha

## Cabhraigh leo mothúcháin a thuiscint

Meabhraigh do scoláirí nach bhfuil a leithéid de rud agus dea-mhothúcháin ná droch-mhothúcháin. Agus bíonn gach mothúchán, idir dheas agus ghránna, cosúil le tonnta, tagann siad agus imíonn siad. Ní bhíonn siad buan. Bíonn sé níos éasca dul i ngleic le mothúcháin nach bhfuil go deas má táimid in ann ár mothúcháin a aithint agus labhairt le duine fúthu.  Spreag iad le labhairt lena dtuismitheoirí nó duine fásta eile a bhfuil muinín acu astu.

## Cabhraigh leo mothúcháin a thuiscint

Má bhíonn scoláire trína chéile, abair leo go bhfuil sé sin an-nádúrtha agus intuigthe. Seiceáil isteach leo maidir lena bhfuil ag teastáil uathu faoi láthair. Mar shampla, b'fhéidir go dteastódh spás príobháideach uathu ionas nach mbeidh náire orthu os comhair a bpiaraí. D'fhéadfadh go roghnóidís fanacht sa rang nó ina ngrúpa beag. Trí na huaireanta sin a láimhseáil ar bhealach tacúil ach cumasaithe, ní hamháin go bhforbróidh tú timpeallacht ranga atá sábháilte agus cuimsitheach, ach freisin cuirfidh tú ar chumas an duine óig féinchúram a fhoghlaim

Mar is gnách, lorg tacaíocht ó struchtúir na scoile mar an Fhoireann chun Tacú le Scoláire, má tá imní leanúnach ort faoi scoláire ar leith. Má tá imní ort maidir le cosaint leanaí, tuairiscigh é seo leis an teagmhálaí ainmnithe (an príomhoide de ghnáth) sa scoil.